# Snáithe 3 | Teacht in Inmhe

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 3.6:** | Ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta a aithint nuair a bhíonn leithcheal á dhéanamh ar dhaoine agus na scileanna a theastaíonn a thaispeáint chun dlúthpháirtíocht a léiriú i réimse cásanna. |
| **Réamhfhoghlaim:** | TF 3.5 an mhuinín agus na scileanna a theastaíonn a léiriú le bheith mar dhuine dá chuid féin agus a bheith in ann seasamh dó féin agus do dhaoine eile, fiú má bhíonn air seasamh amach ón slua. |

## Cad é an fhoghlaim is tábhachtaí?

Cruthaíodh Toradh Foghlama 3.6 toisc go ndéantar leithcheal go minic ar dhaoine óga nó go bhfeiceann siad leithcheal á dhéanamh, agus ní mór dóibh a bheith ábalta é sin a aithint agus freagra sábháilte a thabhairt air i réimse comhthéacsanna.

Cuireann sé sin leis an bhfoghlaim in OSPS na Sraithe Sóisearaí a bhaineann le dul i ngleic le hiompar ionsaitheach nó bulaíochta. Sa tsraith shinsearach, tá sé mar aidhm ag Toradh Foghlama 3.6 a chur ar chumas an scoláire tuiscint níos doimhne a fháil ar an dinimic atá i bhfeidhm nuair a fheiceann sé leithcheal á dhéanamh nó nuair a dhéantar leithcheal de chineál ar bith air, agus tá sé mar aidhm aige tacú le daoine óga na scileanna agus dearcthaí riachtanacha a fhorbairt chun dlúthpháirtíocht a léiriú le daoine aonair nó le grúpaí a ndéantar leithcheal orthu.

### Príomhthéarmaí

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann toirmeasc ar **idirdhealú** ar fhorais inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aoise, míchumais, gnéaschlaonta, cine, creidimh agus ballraíochta den Lucht Siúil. Féadtar dul i ngleic leis an toradh foghlama seo ó thaobh na bhforas sin, cé nach meastar go ndéanfaí plé ar gach foras thuas. Is féidir leis an scoláire plé a dhéanamh ar an leithcheal a bhaineann leis féin.

Is gealltanas eiticiúil é an **dlúthpháirtíocht** do thacú le daoine eile, go háirithe leo siúd a ndéantar éagóir orthu. Dá bhrí sin, leagtar béim ar an idirspleáchas daonna agus ar an tacaíocht fhrithpháirteach seachas do leas féin. Imríonn sé ról lárnach maidir leis an gcomhtháthú sóisialta a chothú agus an ceartas sóisialta a chur chun cinn. Éilíonn an dlúthpháirtíocht an ionbhá, mar gan an ionbhá, ní féidir fulaingt daoine eile a aithint, ní bhíonn tionchar ag fulaingt daoine eile ort agus ní spreagtar thú chun seasamh leo. Is ionann an dlúthpháirtíocht agus an ionbhá faoi lán seoil.

## Cuir chuige atá le meas agus an toradh foghlama seo á theagasc:

- Éilíonn an dlúthpháirtíocht dhá chúinse – aithint na héagóra agus an toilteanas do leas cúng féin a chur ar leataobh ar mhaithe le tacú le duine nó le grúpa eile. I dtús báire, agus tú ag pleanáil don OSPS, roghnaigh acmhainní, scéalta agus fianaisí a chabhróidh chun cur le feasacht an scoláire ar chásanna leithcheala.
- Tacaigh leis an scoláire smaoineamh lasmuigh dá fhráma tagartha féin, ionas gur féidir leis tuiscint a fháil ar na bealaí ar a ndéantar leithcheal ar dhaoine/ghrúpaí ar leith agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin orthu. Aithin, gan bhreithiúnas, gur féidir é a bheith deacair an taithí sin a fheiceáil nó a thuiscint ón taobh amuigh. Déan plé ar na bealaí ar ar féidir linn foghlaim faoi, agus tuiscint a fháil ar, thaithí leithcheala nach mbaineann lenár dtaithí féin.

- Is ionann an dlúthpháirtíocht agus a aithint go bhféadfaimis a bheith mar chuid de ghrúpa a bhfuil cumhacht nó buntáistí ar leith ag baint leis, rudaí nach bhfuil ag daoine eile. Ní hionann a bheith go maith as agus gan bheith ag streachailt i do shaol ar chor ar bith. Is éard atá i gceist leis ná go bhfuil roinnt dúshlán ann nach mbeidh ort cuimhneamh orthu nó a bheith buartha fúthu riamh, mar gheall ar an duine atá ionat agus na deiseanna saoil atá agat.
- Mínigh coincheap an trasnachais agus spreag an scoláire lionsa trasnach a ghlacadh. Is éard atá i gceist leis sin ná ceist a chur conas a thrasnaíonn cine, aicme, inscne agus tréithe ar leith eile a chéile agus céard atá i gcoiteann acu. Dá bharr sin, d'fhéadfadh taithí a bheith ag duine ar chineálacha éagsúla leithcheala nó neamhionannais ag an am céanna, ag brath ar a bhféiniúlachtaí difriúla agus céanna m.sh. cúlra eitneach/cultúrtha, cumais/míchumais, cúlra eacnamaíoch, aois, inscne, gnéaschlaonadh, srl.
- Agus plé á dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun seasamh le daoine, spreag an scoláire smaoineamh faoin méid a chabhródh leis an duine nó leis an ngrúpa i ndáiríre. Seachain cuir chuige nach aon chabhair iad (fiú go neamhbheartaithe) nó a d'fhéadfadh náire a chur ar an duine nó ar an ngrúpa a bhfuiltear ag iarraidh cabhrú leo, chomh maith le gníomhartha a d'fhéadfadh sábháilteacht an duine a chur i mbaol.

## Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo

- Cá bhfuil na cásanna inar féidir an leithcheal a fheiceáil inár saol laethúil?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an leithcheal sin ar an duine a bhfuil leithcheal á dhéanamh air agus ar a theaghlaigh agus a phobail?
- Céard iad na bealaí praiticiúla ar ar féidir linn cur in aghaidh an leithcheala agus cur leis an gcothroime agus leis an ionchuimsiú inár scoileanna agus sa tsochaí?
- Céard iad na scileanna a theastaíonn chun an dlúthpháirtíocht a chur in iúl? Cén chaoi ar féidir linn iad sin a fhorbairt?
- Cé hiad na luachanna a bhfuil an dlúthpháirtíocht bunaithe orthu?

### Foghlaim leantach fhéideartha ó TF 3.6

Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dearfacha agus dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha sin agus iad a athrú (TF **2.4**) Plé a dhéanamh ar bhealaí agus bealaí a cheapadh chun cásanna sóisialta a bhainistiú, ina bhféadfadh do shláinte agus do shábháilteacht féin, nó sláinte agus sábháilteacht duine eile a bheith i mbaol (TF **1.10**)

**Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS le haghaidh acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 3.6**